Lá Fhéile Pádraig 2021
Sollúntas Naomh Pádraig
Guí an Phobail

An Príomhcheiliúraí: *In éineacht leo siúd go léir atá ag comóradh na féile seo ar fud an domhain, cuirimis ár riachtanais i láthair an Tiarna.*

1. Guímis ar son ár dtíre féin. Go n-aontaí luachanna an tSoiscéil – mar atá: grá, síocháin agus cothrom na Féinne, meas ar Dhia agus ar ár gcomharsana – go n-aontaí siad le chéile sinn ar na saolta seo, agus ar na saolta romhainn amach.
   A Thiarna, éist linn.
   A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. Guímis ar son na nÉireannach atá ag maireachtáil thar sáile, iad siúd nach bhfuil in ann teacht abhaile ar cuairt chun a muintire, ná chun cairde a gcroí. Ar an lá áirithe seo, tugaimis chun cuimhne i gcónaí ár misinéirí agus iad i mbun soiscéalaíochta i dtíortha eile.
   A Thiarna, éist linn.
   A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

3. Guímis dóibh siúd ó thíortha eile atá ag cur fúthu in Éirinn. Go gcumhdaí Dia iad agus go bhfaighe siad deiseanna nua, a thabharfaidh sásamh dóibh, ó phobal a chuirfidh fáilte rompu.
   A Thiarna, éist linn.
   A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

4. Guímis ar son na n-easlán; ar son na ndaoine atá trí chéile in aon slí, idir intinn is anam is chorp; ar son na ndaoine atá uaigneach agus briste-chroíoch. Go bhfaighe siad sólás agus cneasú faoi choimire Dé. Guímis ar son gach duine a chabhraigh linn i rith na bliana.

   A Thiarna, éist linn.
   A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

5. Guímis dóibh siúd anseo sa bhaile, agus ar fud an domhain, atá ag fulaingt de dheasca bochtanais, easpa dídine agus foréigin. Tugaimis lámh chúnta, faoi chroí mór maith, dóibh siúd go léir a dteastaíonn cúnamh uathu.

A Thiarna, éist linn.
A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

6. Guímis ar son na marbh: cuimhnímis go háirithe orthu siúd a fuair bás le bliain anuas. Cuimhnímis orthu siúd a thug an creideamh ar láimh dúinn. Go raibh siad ar fad lúcháireach i láthair Dé ag an bhféasta síoraí.
   A Thiarna, éist linn.
   A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

***An Príomhcheiliúraí*:** *A Thiarna Dia, spreag tú Naomh Pádraig chun Soiscéal Chríost a thabhairt chun ár dtíre-ne. Éist lenár nguí; coinnigh slán sinn, agus cabhraigh linn déanamh de réir an tSoiscéil. Trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.*